

Mo Phlean Tuilte

Céard atá le déanamh anois?

- ☐ Déan liosta de na daoine a d'fhéadfadh cabhrú leat agus a bhféadfása cabhrú leo
- ☐ Seiceáil an bhfuil bail mhaith ar dhíoga, draenacha, píopaí, srl
- ☐ Má tá polasaí árachais agat, seiceáil an gclúdaítear damáiste a dhéanann tuile leis
- ☐ Déan liosta den mhéid a bheadh ort a thabhairt leat dá mbeadh ort d'áit chónaithe a fhágáil
- ☐ Líon amach an plean tuilte, coinneigh sábháilte é, tóg pictiúr de agus sábháil ar d'fhón póca é
- ☐ Déan measúnú ar do réadmhaoin: cá bhféadfadh uisce ó thuile teacht isteach ann agus cén chaoi a bhféadfaí é a stopadh le bearta buana nó sealadacha
- ☐ Cuir cáipéisí tábhachtacha i gcoimeádáin shéailaithe áit éigin nach mbeidh i mbaol tuile
- ☐ Cuimhnigh an dteastódh cúnamh speisialta ó dhaoine eile nó ó pheataí
- ☐ Aimsigh bealach éalaithe oiriúnach chuig áit shábháilte agus tearmann sealadach nach mbeidh i mbaol tuile áit éigin eile

Déan liosta de do Phríomhtheagmhálaithe

Teagmhálaí	Uimhir Theagmhála	Taobh amuigh d'uaireanta gnó
Údarás Áitiúil		
Stáisiún Gardaí Áitiúil		
Líonraí BSL		
Uisce Eireann		
Líonraí Gáis		
Dochtúir		
Comhlacht Árachais		
Uimhir Pholasaí		

Aimsigh cá bhfuil Pointí Scoite na Seirbhísí

Seirbhís	Cur síos ar láthair an Phointe Scoite
Uisce	
Leictreachas	
Gás	

Daoine a d'fhéadfadh cabhrú leat / a dteastódh cúnamh uathu uaitse

Gaol	Ainm / Sonraí Teagmhála	Cén chaoi a gcabhróidh siad/tú?

Míreanna le cur sa phaca i gcás tuilte

- ☐ Tóirse agus cadhnraí breise
- ☐ Éadaí teo uiscedhíonacha
- ☐ Bia agus uisce i mbuidéil
- ☐ Bréagáin do pháistí
- ☐ Raidió
- ☐ Buataisí báistí
- ☐ Leigheas agus garchabhair
- ☐ Tuáille / pluideanna
- ☐ Lámhainní rubair
- ☐ Ciarsúir fhrithbhaictéaracha
- ☐ Earraí do pheataí

Earraí eile a theastódh

- ☐ _____
- ☐ _____
- ☐ _____

Céard atá le déanamh nuair atá Tuile nó Báisteach Throm Geallta?

- ☐ Cuir cosaint shealadach in airde, ar nós málaí gainimh, cláir tuillte, leatháin phoileitéine
- ☐ Déan liosta anois de na ruda ba cheart a bhogadh go háit shábháilte
- ☐ Cuir cáipéisí tábhachtacha i málaí láidre poileitéine agus cuir in áit shábháilte iad
- ☐ Bog an carr ó limistéar ina bhfuil baol tuile má tá sé sábháilte sin a dhéanamh
- ☐ Leag ualach ar earraí móra sa ghairdín nó stóráil go sábháilte iad
- ☐ Cuir cairde, daoine muinteartha, fostaithe ar an eolas, agus iarr cúnamh más gá
- ☐ Pleanáil do bhealach éalaithe ar fhaitíos go mbeadh ort d'áit chónaithe a fhágáil go tapa
- ☐ Cinntigh go bhfuil dóthain uisce agus bia ar fáil
- ☐ Múch na soláthairtí leictreachais, uisce agus gáis – bí cinnte go mbeidh tú in ann teacht orthu sa dorchadas
- ☐ Bog nó croch troscán agus earraí leictreacha, pearsanta nó speisialta ón áit is mó baol
- ☐ Corn suas cairpéid agus rugaí, bain cuirtíní fada nó croch thar na ráillí iad
- ☐ Glan glár agus salachar eile as draenacha / díoga / grátaí seachtracha
- ☐ Bog ceimiceáin go seilfeanna arda agus cinntigh go bhfuil na coimeádáin daingnithe chun truailliú a sheachaint
- ☐ Aimsigh agus críochnaigh do phaca i gcás tuilte
- ☐ Téigh i dteagmháil le do chomharsana atá aosta nó a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu chun a chinntiú go bhfuil siadsan ullamh freisin

Céard a dhéanfaidh mé i rith tuile?

IMá tá do cheantar i mbaol mar gheall ar thuile, féadfaidh tú an baol agus damáiste a dhéanfar a laghdú oiread agus is féidir trí ullmhúchán cúramach. Ach is í an tsábháilteacht phearsanta is tábhachtaí agus is riachtanaí i gcónaí. Déan an méid seo a leanas i gcás tuile:

- ☐ Fan sábháilte, ná téigh sa seans mura gá duit agus bí aireach ar dhamáiste struchtúrtha
- ☐ Ná teagmhaigh leis an uisce más féidir, tá an-seans go mbeidh sé éillithe agus/nó truaillithe
- ☐ Caith éadach oiriúnach má tá tú ag obair i dtuille nó in aice le ceann
- ☐ Ná déan iarracht tiomáint ná siúil trí thuile, is féidir le huisce atá 300mm ar doimhneacht agus ag sreabhadh go tapa carranna a scuabadh den bhóthar
- ☐ Bí cúramach má tá tú ag siúl trí uisce éadomhain, d'fhéadfadh go mbeadh contúirtí faoin uisce nach féidir leat a fheiceáil, ar nós clúdaigh dúnphoill oscailte
- ☐ Ná déan iarracht riamh snámh trí uisce atá ag sreabhadh go tapa mar go bhféadfadh go scuabfaí chun bealaigh thú nó go mbuailfeadh rud éigin san uisce fút